Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2022/0401(APP)

23.2.2024

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréacht-treoir ón gComhairle maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE
(10788/2023 – C9-0031/2024 – 2022/0401(APP))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Sirpa Pietikäinen

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 9

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréacht-treoir ón gComhairle maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE
(10788/1/2023 – C9-0031/2024 – 2022/0401(APP))

(An gnáthnós imeachta reachtach – toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréacht-treoir ón gComhairle (10788/1/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0031/2024),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0000/2024),

1. Ag tabhairt a toilithe don dréacht-treoir ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is eagraíochtaí poiblí iad comhlachtaí comhionannais náisiúnta a chuireann cóir chomhionann chun cinn i ngach Ballstát den Aontas Eorpach trí chúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe, a ghníomhaíonn agus/nó a dhéanann ionadaíocht ar íospartaigh sa chúirt, a dhéanann suirbhéanna agus fiosrúcháin neamhspleácha, a fhoilsíonn tuarascálacha neamhspleácha, a bhailíonn sonraí, a ardaíonn feasacht agus a dhéanann moltaí maidir le hábhair a bhaineann le hidirdhealú. Tá ceangal dlí orthu é sin a dhéanamh i gcás idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras a shainítear faoi Airteagal 19 CFAE, lena n-áirítear gnéas, cine agus eitneacht, aois, gnéaschlaonadh, reiligiún nó creideamh, agus míchumas. Éileoidh comhlachtaí comhionannais é sin freisin i gcás idirdhealú iomadúil agus trasnach. Chun éabhlóid na sochaithe a léiriú agus chun a bheith i gcomhréir le cás na Cúirte Breithiúnais, ní féidir raon feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná a theorannú d'idirdhealú ar an mbonn gur de ghnéas amháin nó de ghnéas eile atá duine. Dá bhrí sin, ba cheart idirdhealú iomadúil agus trasnach a chur san áireamh.

Is príomhghníomhaithe iad na comhlachtaí comhionannais san obair fhrith-idirdhealaitheach san Aontas, agus ní mór a gcumas chun cúnamh a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe agus chun an frith-idirdhealú a chur chun cinn san Aontas a neartú agus tacaíocht a thabhairt ina leith. Ní féidir luachanna an Aontais Eorpaigh, agus an comhionannas ina measc, a fhíorú ach amháin má chuirtear i bhfeidhm go cuí iad. Sin é an fáth a bhfuil an treoir seo tábhachtach - cuireann sí le cuspóirí na gConarthaí a chur chun feidhme, ní hamháin go teoiriciúil ach i gcleachtas freisin.

Mar gheall ar na róil ar leith atá acu, bíonn baint ag comhlachtaí comhionannais freisin le cúrsaí a bhaineann leis an ionad oibre. Sa chás áirithe sin, ba cheart go n-urramódh na comhlachtaí comhionnais i gcónaí uathriail, inniúlachtaí agus sainchumais na gcomhpháirtithe sóisialta, chomh maith le hinniúlachtaí aitheanta na ngníomhaireachtaí rialtais ábhartha uile, lena n-áirítear cigireachtaí saothair, cúirteanna náisiúnta agus/nó binsí reachtúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na cleachtais náisiúnta.

Is leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch (2000/43/CE) a bunaíodh comhlachtaí comhionannais den chéad uair. Le trí Threoir maidir le comhionannas ina dhiaidh sin, cuireadh na misin chéanna ar iontaoibh comhlachtaí comhionannais ina réimse faoi seach: an Treoir maidir le Comhionannas Inscne i réimse na n-earraí agus seirbhísí (2004/113/CE), an Treoir maidir le Comhionannas Inscne i réimse na fostaíochta (2006/54/CE) agus an Treoir maidir le Comhionannas Inscne i réimse na féinfhostaíochta (2010/41/AE).

In 2018, d'eisigh an Coimisiún Moladh dearfach maidir le caighdeáin cheangailteacha do chomhlachtaí comhionannais inar moladh sraith beart do na Ballstáit chun neamhspleáchas agus éifeachtacht a gcomhlachtaí comhionannais faoi seach a fheabhsú, go háirithe maidir lena gcumas a áirithiú gur féidir le haon duine aonair agus le haon ghrúpa a ndéantar idirdhealú orthuleas iomlán a bhaint as a gcearta.

In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, ní áirithítear acmhainní ná uirlisí leordhóthanacha leis an reachtaíocht atá ann cheana ná le moladh 2018, ná níor éirigh leo timpeallacht oibríochtúil oiriúnach a bhaint amach do chomhlachtaí comhionannais. Níl formhór na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu i moladh 2018 réitithe fós. Ina theannta sin, tá difear suntasach idir na

dálaí maidir le feidhmiú éifeachtach comhlachtaí comhionannais idir na Ballstáit éagsúla. Mar thoradh air sin, tá an leibhéal cosanta ar idirdhealú éagsúil, neamhshiméadrach agus neamhréireach do shaoránaigh san Eoraip. Ní chosnaítear gach duine de réir na gcaighdeán céanna. Ní mór é sin a cheartú go pras, agus ní mór na héagsúlachtaí sna leibhéil chosanta idir grúpaí daoine i mBallstáit éagsúla a dhéanamh trédhearcach.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá gá le híoschaighdeáin láidre do chomhlachtaí comhionannais. Is é neamhspleáchas na n-eagraíochtaí sin an bunús atá le comhlachtaí comhionannais dea-fheidhmiúla i stáit dhaonlathacha. Ní mór do chomhlachtaí comhionannais agus dá bhfoireann a bheith saor ó gach cur isteach seachtrach agus ní mór é sin a áirithiú trí úsáid a bhaint as gach coimirce is féidir. Ní mór do chomhlachtaí comhionannais a bheith in ann a bheith neamhspleách i ndáiríre ina gcuid gníomhartha. Chuige sin, ba cheart go ráthófaí cistiú leormhaith a fhreagraíonn dá réir sin do mhéid agus do chineál chúraimí an chomhlachta comhionannais, rud nach dtarlaíonn go minic. Níor cheart go mbeadh ar chomhlachtaí comhionannais aghaidh a thabhairt choíche ar an gcás aiféala céanna is atá os comhair na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus roinnt gníomhaireachtaí eile mar shampla, eadhon easpa foirne agus acmhainní le hualach oibre agus éilimh taighde atá ag dul i méid i gcónaí.

Tá cumhachtaí ag comhlacht comhionannais éifeachtach caingean dlí a thionscnamh. Faoi láthair, níl sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais i roinnt Ballstát de chuid an Aontais gníomhú sa chúirt. Ba cheart go mbeadh cearta ag comhlachtaí comhionannais chun gníomhú mar pháirtí in imeachtaí, chun barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte nó chun imeachtaí a thionscnamh thar ceann íospartach amháin nó níos mó nó chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin nó chun tacú leo.

Mar sin féin, ní théann gach cás chun na cúirte i gcónaí ná níor cheart go mbeadh orthu é sin a dhéanamh. Chun díospóidí a réiteach go tapa, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin chun go mbeidh an deis ag páirtithe réiteach malartach díospóidí a lorg ar a ndíospóidí, mar shampla, trí phróiseas idir-réitigh agus idirghabhála a fhéadfaidh an comhlacht comhionannais nó eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana, nach bhfuil nasctha leis an rialtas, a stiúradh.

Tá faireachán ríthábhachtach chun a chinntiú go dteachtann comhlachtaí comhionannais dáiríre na cearta a shanntar dóibh sa reachtaíocht seo. Ní mór don Choimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, liosta táscairí coiteanna a bhunú le haghaidh faireacháin. San obair sin, ba cheart don Choimisiún oibriú go dlúth le hinstitiúidí ábhartha eile. Ní mór don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin ar staid an idirdhealaithe i ngach Ballstát go tráthrialta.

Mar is amhlaidh i ngach réimse beartais, tá comhar ríthábhachtach. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le Ballstáit eile agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ba cheart an deis a thabhairt do rialtais áitiúla dul i dteagmháil le comhlachtaí comhionannais nuair a fheiceann siad samplaí den idirdhealú ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart go mbeadh an ceart céanna ag comhlachtaí comhionannais comhoibriú le EIGE, FRA agus Equinet, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus cigireachtaí saothair.

Go rómhinic, feictear do shaoránaigh ar fud na mór-roinne seo againne go dtugtar neamhaird ar a gcearta bunúsacha daonna agus nach dtugtar urraim dóibh. Le cabhair ón togra reachtach seo agus ó na híoschaighdeáin a leagtar síos ann, beidh daoine i ngach Ballstát in ann leas a bhaint as leibhéal cosanta neartaithe i gcoinne an idirdhealaithe. Ag an am céanna, ceadaítear do na Ballstáit dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí ná na híoschaighdeáin a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach. Ní féidir linn fanacht a thuilleadh - tá rath na reachtaíochta seo ríthábhachtach chun ár mbunluachanna Aontais a chaomhnú.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Neamhspleách
An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas
Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais
Ombudsman na Fionlainne um Chomhionannas

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.